



Téama Teorainneacha agus droichid - Imirce

Chun téama na himirce a iniúchadh, chruthaíomar trí roinn oibre éagsúla. Scrúdaítear le gach roinn gné ar leith den téama, rud a thairgeann léargais agus dúshlán éagsúla. Is ón dtaispeántas buan in Áras Stair na hEorpa a spreagtar na gníomhaíochtaí do ranganna agus do ghrúpaí.

- Roinn 1** Cén fáth gur topaic chonspóideach í an imirce don 21^ú céad?
Roinn 2 An imirce á fulaingt – duine i gcroílár gach scéil
Roinn 3 Na meáin ag tuairisciú ar imircigh agus ar an imirce

Is é atá i ngach roinn:

- Nótaí treorach ó na múinteoirí
- Gníomhaíochtaí
- Ag tacú le hacmhainní amhairc agus téacsúla
- Achmhainní ar líne arna moladh

Ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann, tá plé faoi stiúir an mhúinteora, obair ghrúpa, foghlaim fhéinstiúrtha agus ábhair stairiúla ó fhoinsí príomha agus ó fhoinsí tánaisteacha. Is féidir le múinteoirí an cinneadh a dhéanamh cé acu gníomhaíochtaí don seomra ranga agus do ghrúpa a dhéantar.

Forléargas ar an Téama

Riamh anall bhí na daoine mar speiceas ag bogadh agus ag dul ar imirce ó áit go háit Ach cén fáth a ndéanann siad é agus cad atá i gceist leis? An le haghaidh oibre é, le haghaidh fóillíochta nó le haghaidh cúis éigin eile? An bhfuil a dturais fada nó gearr? An mbogann siad go deonach nó an gcuirtear iallach orthu bogadh mar gheall ar imthosca thar a smacht? Cad a tharlaíonn dóibh nuair a thagann siad chuig a gceann scríbe nua agus conas a fháilíonn na daoine a bhfuil cónaí ann cheana rompu? Níl iontu sin ach cuid de na ceisteanna is gá dúinn a fhiafraí dinn féin nuair a bhíonn saincheist na himirce idir chamáin againn. Tá na ceisteanna sin tábhachtach mar is féidir leo sinn a chur ar an eolas faoi chineálacha iomadúla na taithí imircí is féidir le daoine a bheith acu. Le hiniúchadh a dhéanamh ar eiseamláirí ón am a caitheadh, cabhraítear linn freisin tuiscint a fháil ar na himeachtaí a bhíonn ag tarlú sa lá atá inniu ann. Is féidir linn comparáid, contrárthacht agus measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil naisc leanúnacha ann idir imeachtaí stairiúla agus a bhfuil ag tarlú timpeall orainn inár saol comhaimseartha. Is próiseas ársa í an imirce agus is féidir linn iliomad macallaí a fháil leis an lá atá inniu ann.

Sainmhíithe

Imirce:

Gluaiseacht duine nó grúpa daoine, bíodh sé trasna teorainn idirnáisiúnta nó laistigh de Stát. Gluaiseacht daonra atá ann, a chuimsíonn aon chineál gluaiseachta daoine, is cuma cad é a fhad, a



ÁRAS STAIR NA HEORPA

chomhdhéanamh nó a chúiseanna; áirítear leis imirce dídeanaithe, daoine easáitithe, imircigh eacnamaíocha agus daoine a bhíonn ag gluaiseacht chun críoch eile, lena n-áirítear athaontú teaghlaigh.

Foinse: *Mar a shainítear san [Eagraíocht Idirnáisiúnta don Imirce, 2015](#)*

Imirceach

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, ní ann do shainmhíniú ar “imirceach” a bhfuil glacadh uilíoch air. Tuigeadh de ghnáth gur clúdaíodh leis an téarma imirceach na cásanna go léir inar ghlac an duine lena mbaineann an cinneadh dul ar imirce go deonach ar mhaithe le “háis phearsanta” gan idirghabháil ó thoisic sheachtrach an-láidir; bhain sé dá bhrí sin le daoine agus le baill teaghlaigh agus iad ag bogadh go tír nó réigiún eile chun feabhas a chur ar a ndálaí ábhartha nó sóisialta agus chun an t-ionchas dóibh féin nó dá dteaghlach a fheabhsú. Déanann na Náisiúin Aontaithe imirceach a shainmhíniú mar dhuine a bhfuil cónaí air i dtír iasachta le níos mó na bliain amháin, beag beann ar na cúiseanna, bídis deonach nó neamhdheonach, agus na modhanna, bídis rialta nó neamhrialta, a úsáidtear chun dul ar imirce. Faoin sainmhíniú sin, ní mheasfaí gurbh imircigh iad siúd a bhíonn ag taisteal ar feadh tréimhsí níos giorra mar thurasóirí agus mar dhaoine gnó. Folaíonn an úsáidghinearálta cineálacha áirithe imirceach ag a bhfuil téarma níos giorra, amhail oibrithe feirme séasúracha a théann ag taisteal ar feadh tréimhsí gearra chun oibre d’fhonn táirgí feirme a phlandáil nó a bhuint.

Foinse: *Mar a shainítear san [Eagraíocht Idirnáisiúnta don Imirce, 2015](#)*

Dídeanaí

Maidir le duine “mar gheall ar eagla ghéarleanúna a bhfuil bunús maith faoi ar chúiseanna a bhaineann le, reiligiún, náisiúntacht, comhaltas de ghrúpa sóisialta ar leith nó tuairimí polaitiúla, go bhfuil sé lasmuigh de thír a náisiúntachta agus nach bhfuil ar a chumas, nó nach bhfuil sé toilteanach, i ngeall ar an eagla sin, leas a bhaint as cosaint na tíre sin” (Airteagal 1(A)(2), den Choinbhinsiún a bhaineann le Stádas Dídeanaithe, Airteagal 1A(2), 1951, arna mhodhnú le Prótocal 1967). I dteannta an tsainmhínithe ar dhídeanaí i gCoinbhinsiún 1951 i dtaobh Dídeanaithe, Airteagal 1(2), déanann Coinbhinsiún 1969 Eagraíocht um Aontas na hAfraice (EAA) dídeanaí a shainmhíniú mar aon duine a gcuirtear iachall air a thír nó a tír a fhágáil “mar gheall ar ionsaí seachtrach, ar fhorghabháil, ar fhorlámhas eachtrach nó ar imeachtaí a shuaitheann an t-ord poiblí go mór, bíodh sé i gcuid dá thír, dá thionscnamh nó dá náisiúntacht nó ina n-iomláine.” Ar an gcuma chéanna, deir Dearbhú 1985 Cartagena go n-áirítear le dídeanaithe freisin daoine a théann ar teitheadh óna dtír “toisc go ndearnadh bagairt ar a mbeatha, ar a slándáil nó ar a saoirse trí fhorneart ginearálaithe, trí ionsaí eachtrach, trí choinbhleachtaí inmheánacha, trí mhórshárúithe ar chearta an duine nó trí imthosca eile a shuaith an t-ord poiblí go mór.”

Foinse: *Mar a shainítear san [Eagraíocht Idirnáisiúnta don Imirce, 2015](#)*

Na Tosca Brú

Na cúiseanna atá taobh thiar de cén fáth a bhféadfadh sé gur mian le daoine an áit a bhfuil cónaí orthu a fhágáil.

Na Tosca Tarraingthe

Na tosca a tharraingíonn duine chuig ionad nua.